Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 18 Meán Fómhair 2024
(OR. en)

13476/24

Comhad Idirinstitiúideach:
2024/0216(NLE)

PECHE 360

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | An Chomhairle |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) 2024/257 lena socraítear le haghaidh 2024, 2025 agus 2026 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe, is infheidhme in uiscí an Aontais agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2023/194 lena socraítear le haghaidh 2023 agus 2024 na deiseanna iascaireachta sin<br>– Seisiún tuairimíochta |

**I Réamhrá**

1. An 2 Meán Fómhair 2024, thíolaic an Coimisiún an tríú leasú ar Rialachán (AE) 2024/257 (‘an príomh-Rialachán maidir le TACanna agus Cuótaí’ do 2024). Áiríodh sa togra sin *inter alia* TAC críochnaitheach le haghaidh ainseabhaithe in uiscí Ibéaracha an Atlantaigh don tréimhse ón 1 Iúil 2024 go dtí an 30 Meitheamh 2025 a thiocfadh in ionad an TAC shealadaigh atá i bhfeidhm faoi láthair go dtí deireadh mhí Mheán Fómhair.

2. Scrúdaigh an Mheitheal um an mBeartas Iascaigh an togra ag na cruinnithe a bhí aici an 5 agus an 12 Meán Fómhair 2024.

3. An 13 Meán Fómhair 2024, tháinig an Mheitheal um an mBeartas Iascaigh ar chomhaontú maidir leis an gcomhréiteach ón Uachtaránacht, mar a leagtar amach in 13271/24 é, ina raibh ceartúcháin theicniúla áirithe. Mar sin féin, níor thángthas ar chomhaontú maidir leis na forálacha a bhaineann le hainseabhaithe in uiscí Ibéaracha an Atlantaigh agus tá siad fós gan réiteach.

4. An 18 Meán Fómhair 2024, d'ullmhaigh Coiste na mBuanionadaithe an mhír seo don seisiún tuairimíochta ag an gComhairle Talmhaíochta agus Iascaigh an 23 Meán Fómhair 2024.

**II Saincheisteanna atá fós gan réiteach: an t-ainseabhaí**

5. Maidir le hainseabhaithe in uiscí Ibéaracha an Atlantaigh, d'fhoilsigh ICES[1] a chomhairle an 21 Meitheamh 2024[2]. Mar atá déanta aige le roinnt blianta anuas, mhol ICES leibhéal gabhála áirithe do chomhpháirt an iarthair den stoc (8 480 t) agus leibhéal gabhála difriúil do chomhpháirt an deiscirt den stoc (969 t). Sa chomhairle sin, deir ICES freisin go bhféadfadh róshaothrú ar cheachtar de na comhpháirteanna a bheith mar thoradh ar TAC comhcheangailte a úsáid don dá chomhpháirt agus dá bhrí sin molann sé bainistiú a chur chun feidhme ar leibhéal limistéar na comhpháirte stoic.

6. Leis an leasú sin ar Rialachán (AE) 2024/257, molann an Coimisiún TAC cinntitheach 9 449 dtona le haghaidh ainseabhaithe in uiscí Ibéaracha an Atlantaigh, TAC a chomhfhreagraíonn do laghdú 54 % i gcomparáid le leibhéal TAC na bliana iascaireachta deireanaí. Ina theannta sin, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún gabhálacha chomhpháirt an deiscirt den stoc a theorannú go 969 dtona ón 1 Deireadh Fómhair ar aghaidh agus malartuithe cuótaí idir na Ballstáit le haghaidh na comhpháirte sin a thoirmeasc.

7. Ní féidir leis an Spáinn, a ngabhann a cabhlach iascaireachta áitiúil ainseabhaithe go heisiach ó chomhpháirt an deiscirt, glacadh leis an togra, ar na cúiseanna seo a leanas go háirithe:

- an teorainn a chuirtear le comhpháirteanna an deiscirt cé nach n-eisíonn ICES ach aon chomhairle amháin maidir le hainseabhaithe in uiscí Ibéaracha an Atlantaigh;
- an tionchar socheacnamaíoch ar chabhlach a dtiocfaidh laghdú 90 % ar a dheiseanna iascaireachta i gcomparáid leis an mbliain seo caite gan roghanna malartacha inmharthana;
- go ndúntar láithreach an t-iascach i gcás ina ndearnadh níos mó gabhálacha cheana faoin TAC sealadach a socraíodh le bheith i bhfeidhm go dtí an 30 Meán Fómhair 2024;
- an cleachtadh tagarmharcála atá ar na bacáin don stoc lena mbaineann ina dtabharfar faisnéis nuashonraithe maidir le stádas agus dáileadh an stoic.

[1] An Chomhairle Idirnáisiúnta um Thaiscéalaíocht na Mara
[2] https://doi.org/10.17895/ices.advice.25019153.v1

8. Measann an Phortaingéil, a ngabhann a cabhlach iascaireachta ainseabhaithe ó chomhpháirt an iarthair den chuid is mó, go bhfuil an laghdú 54 % atá beartaithe ró-ard i bhfianaise an tionchair shocheacnamaíoch ar a cabhlach, staid an stoic agus na faisnéise eolaíche atá ar fáil agus tacaíonn sí le tuairim na Spáinne gur cheart fanacht leis an gcleachtadh tagarmharcála atá ar na bacáin.

9. Cheistigh roinnt toscaireachtaí an toirmeasc ar mhalartuithe cuótaí i gcomhpháirt an deiscirt, ós rud é go bhfuil an fhéidearthacht atá ag na Ballstáit páirt a ghlacadh i malartuithe cuótaí bunaithe ar an gComhbheartas Iascaigh.

**III Conclúid**

10. Iarrtar ar an gComhairle seisiún tuairimíochta a bheith aici maidir leis an tsaincheist atá fós gan réiteach a leagtar amach faoi phointe II thuas.